**SeanadVoter.ie**
**VótálaíSeanad.ie**

**Tá sé níos éasca ar líne!**
An bealach is éasca chun clárú le vótáil ná é a dhéanamh ar líne
**www.SeanadVoter.ie**

# Eolas agus Treoir

## Iarratas ar iontráil sa Chlár le haghaidh an Toghlaigh Ardoideachais

Ba cheart go n-úsáidfeadh daoine incháilithe an fhoirm seo lena n-éileamh ar iontráil i gClár na dToghthóirí le haghaidh thoghlach Ardoideachais an tSeanaid a chur isteach. Is é an bealach is éasca le clárú ná tríd an bhfoirm iarratais a chomhlánú ar líne ag **www.SeanadVoter.ie**.

### Incháilitheacht chun clárú

Ní mór:
- gur saoránach de chuid na hÉireann thú, **agus**
- tú a bheith ocht mbliana déag d'aois nó níos sine, **agus**
- céim a bheith faighte agat (seachas céim oinigh) ar leibhéal céim bhaitsiléara, ar a laghad, ó institiúid ainmnithe (tá liosta thall)

### Dátaí Tábhachtacha

Tá na dátaí leagtha amach in Acht Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile) (Leasú) 2024:
- Ní mór iarratais ar an gcéad chlár toghthóirí a bheith faighte faoi 23 Eanáir 2025.
- **Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.**
- Foilseofar an chéad chlár toghthóirí ar an 1 Aibreán 2025.

**Reáchtálfar an tOlltoghchán Seanaid atá ag teacht aníos (mí Eanáir 2025) ar an mbunús go dtoghfaidh toghlaigh reatha OÉ agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) triúr Seanadóirí an ceann.** Sa chás go dtiocfadh folúntais aníos i measc na ndaoine sin a thoghfar de réir an phróisis sin, beidh céimithe de chuid OÉ agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) atá san áireamh ar chlár an toghlaigh Ardoideachais i dteideal vóta a chaitheamh sna fothoghcháin a thiocfaidh ina dhiaidh sin. Ní bheidh feidhm leis an socrú seo ach amháin go ndéanfar an Dáil a lánscor tar éis an 21 Márta 2025, nó ón bpointe sin, toghfaidh an toghlach Ardoideachais an seisear Seanadóirí ar fad.

Foilseofar an chéad chlár toghthóirí don toghlach nua ar an 1 Aibreán 2025 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí go mbeidh an chéad athbhreithniú bliantúil curtha i gcrích. Foilseofar clár athbhreithnithe ar an 1 Meitheamh 2026 agus gach bliain ina dhiaidh sin ar an 1 Meitheamh.

Tá níos mó eolais ar fáil ar **SeanadVoter.ie**.

## Faisnéis atá ag teastáil

Tá an bunús dlí atá leis an bhfoirm seo, an fhaisnéis atá á lorg inti agus an chaoi a n-úsáidfear do chuid faisnéise, leagtha amach in Acht Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile) (Leasú) 2024. Cuimsíonn sé seo forálacha chun roinnt sonraí pearsanta a lorg, lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) agus sonraí maidir le saoránacht. Tá leagtha amach ann freisin an bunús dlí maidir le sonraí a chomhroinnt le hinstitiúidí ainmnithe eile, leis an Aire Coimirce Sóisialaí agus le haon Aire Rialtais nó le haon chomhlacht poiblí sonraithe sa chás ina mbeadh sé riachtanach agus comhréireach, lena n-áireofaí le cruinneas éilimh a fhíorú agus le dúblaigh a shainaithint.

Is toghlach úr é an toghlach Ardoideachais. Ní mór do gach duine ar mian leis nó léi vóta a chaitheamh sa toghcheantar Ardoideachais éileamh (iarratas) a chur isteach ar dtús, ar líne ag Seanadvoter.ie nó tríd an bhfoirm seo a úsáid.

**Tá sé níos éasca ar líne!**
An bealach is éasca chun clárú le vótáil ná é a dhéanamh ar líne **www.SeanadVoter.ie**

Is féidir an fhoirm seo a chur isteach tríd an bpost chuig:

SeanadVoter.ie
Bosca Poist 13784
Baile Átha Cliath 2
Éire

**Roimh duit** d'fhoirm pháipéir a sheoladh isteach, iarrtar ort a chinntiú:
- Go bhfuil rannáin A agus B comhlánaithe agat
- Go bhfuil an dearbhú comhlánaithe, rannán C
- Go bhfuil cruthúnas saoránachta ceangailte (más gá)
- Go bhfuil foirm finné ceangailte (rannán D, más gá)

# An fhoirm seo a chomhlánú:

**Rannán A: Sonraí aitheantais:** Ní mór do gach iarratasóir **Rannán A**, sonraí aitheantais, a chomhlánú. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh an tÚdarás Clárúcháin Lárnach d'aitheantas a sheiceáil i gcomhréir leis an reachtaíocht dá ndearnadh tagairt thuas.

**Rannán B: Sonraí incháilitheachta:** Ní mór do gach iarratasóir na codanna ábhartha de **Rannán B** a chomhlánú. Déanfar an fhaisnéis seo a chomhroinnt chun í a fhíorú leis an institiúid ábhartha.

**Rannán C: Dearbhú Fírinneachta:** Ní mór do gach iarratasóir an dearbhú fírinneachta a chomhlánú.

**Rannán D: Foirm finné** más gá

## Institiúidí Ainmnithe

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór céim a bheith faighte agat ó institiúid ainmnithe. Ciallaíonn "institiúidí ainmnithe" Ollscoil na hÉireann, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide), agus institiúidí atá ainmnithe faoi Acht an Údaráis um Ardoideachas 2022 (tá liosta thíos). Cuimsíonn an sainmhíniú institiúidí a ndearnadh iad a dhíscaoileadh agus ar aistríodh a gcuid feidhmeanna chuig institiúid ainmnithe. Le níos mó eolais a fháil, tabhair cuairt ar **www.SeanadVoter.ie**.

- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
- Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- Ollscoil Mhá Nuad
- Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
- An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha
- Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
- Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir
- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Ollscoil na Gaillimhe
- Ollscoil Luimnigh

Tá foráil in Acht an Údaráis um Ardoideachas 2022, freisin, le go bhféadfaí institiúidí eile a ainmniú amach anseo.

## Tábhachtach

**Má tá tú ar an gclár cheana féin do thoghlach OÉ nó toghlach Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide)** beifear tar éis litir a eisiúint cheana chuig an seoladh atá ar taifead duit i mí na Nollag 2024. Má tá an litir faighte agat, is féidir leat an uimhir thagartha Ollscoil na hÉireann (OÉ)/uimhir Alumni TCD atá inti a úsáid chun cabhrú leat d'éileamh ar chlárú don toghlach nua a chomhlánú. Bainfear feidhm as an uimhir thagartha OÉ/uimhir Alumni TCD chun do chuid sonraí a sheiceáil.

**I gcás gach iarratasóra eile, tá an t-eolas seo a leanas ag teastáil:**

- **UPSP nó foirm Finné:** Má chuireann tú do UPSP ar fáil, beifear in ann do chuid sonraí aitheantais a dheimhniú agus cabhróidh sé le sláine an chláir a chosaint. De rogha air sin, comhlánaigh Rannán D - Foirm Finné chun d'aitheantas a dheimhniú.
- **Fianaise ar shaoránacht:** Iarrtar ar iarratasóirí cáipéisí tacaíochta a chur ar fáil maidir lena saoránacht. D'fhéadfadh sé gur fótachóip é seo den leathanach grianghraif de do Phas Éireannach bailí nó cóip de do Dheimhniú Eadóirseachta.
- **Sonraí maidir le cáilíochtaí:** Sa rannán seo, moltar duit go leor faisnéise a chur san áireamh lena chur ar chumas d'institiúide do cháilíocht/cháilíochtaí céime a fhíorú. Mura bhfuil an fhaisnéis go léir a iarrtar agat, moltar duit aon fhaisnéis eile a chabhródh le d'institiúid do thaifead a dheimhniú a chur san áireamh.

# Foirm éilimh d’iontráil ar Chlár an Toghlaigh Ardoideachais

**Tá gach réimse atá marcáilte le * éigeantach.**
**Comhlánaigh gach rannán i mBLOCLITREACHA**
**Is boscaí seiceála iad na trí cheist dheireanacha.**

**Rannán A: Sonraí aitheantais – Ní mór do gach iarratasóir an rannán seo a chomhlánú**

| | | |
|---|---|---|
| **Céadainm(neacha)*** | | Foilseofar d’ainm agus do shloinne ar chlár na dtoghthóirí |
| **Sloinne*** | | |
| **Aon ainm a bhíodh ort roimhe seo nó aon ainmneacha eile (más bainteach) go háirithe tráth bronnta na céime** | | Ní fhoilseofar an fhaisnéis seo ar chlár na dtoghthóirí ach d’fhéadfadh sé gur chabhair é chun do thaifead a mheaitseáil. |
| **Uimhir thagartha OÉ/ uimhir Alumni TCD** | | Níor cheart ach do thoghthóirí atá ar an gclár cheana an uimhir seo a chur isteach. |
| **Dáta Breithe*** | | Ní fhoilseofar do dháta breithe ná do UPSP ar chlár na dtoghthóirí ach d’fhéadfadh sé go mbainfí feidhm astu chun do shonraí aitheantais a dheimhniú. Féach an treoir le haghaidh tuilleadh sonraí. |
| **UPSP:** **Más rud é nach bhfuil UPSP á cur ar fáil agat, d’fhéadfadh sé go mbeadh ort rannán D a chomhlánú.** | | |
| **Seoladh Ríomhphoist*** | | Ní fhoilseofar do ríomhphost ná d’uimhir ghutháin ar chlár na dtoghthóirí ach d’fhéadfadh sé go mbainfí úsáid astu chun teagmháil a dhéanamh leat maidir le d’iarratas. |
| **Uimhir ghutháin** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Seoladh Reatha (áit a bhfuil gnáthchónaí ort)*** | | Foilseofar an seoladh seo ar chlár na dtoghthóirí. |
| **Éirchód/Cód Poist*** | | |
| **Seoladh ar cheart do pháipéir bhallóide a chur chuige (más seoladh éagsúil é)*** | | Foilseofar an seoladh seo ar chlár na dtoghthóirí. |
| **Éirchód/Cód Poist*** | | |
| **Seoladh comhfhreagrais tráth na céime** | | Ní fhoilseofar an fhaisnéis seo ar chlár na dtoghthóirí ach d’fhéadfadh sé go gcabhródh sé le d’institiúid do thaifead a mheaitseáil. |
| **Éirchód/Cód Poist** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Saoránacht*** | | Le go gclárófar mar thoghthóir sa toghlach Ardoideachais thú, ní mór tú a bheith i do shaoránach de chuid na hÉireann. Cuir tic sa bhosca cuí. **cuir tic sa bhosca cuí le do thoil** |
| **Tá mé cláraithe ar Chlár Toghthóirí OÉ agus/nó Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) agus tá m’uimhir thagartha curtha isteach agam thuas, nó** | | |
| **Is Saoránach de chuid na hÉireann mé agus tá fótachóip den leathanach grianghraif de mo phas Éireannach bailí ceangailte agam, nó** | | |
| **Is Saoránach de chuid na hÉireann mé agus tá cóip de mo Dheimhniú Eadóirseachta ceangailte agam** | | |

## Rannán B: Sonraí maidir le Cáilíochtaí

- Más Toghthóir Seanaid thú cheana féin i dtoghlach OÉ nó i dtoghlach Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide), nó sa dá thoghlach, iarrtar ort Tábla 1 a chomhlánú.
- Más iarratasóir nua thú agus céim agat ó OÉ nó ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) nó ón dá institiúid, iarrtar ort Tábla 2 a chomhlánú.  Is ceadmhach céimeanna ó OÉ agus ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) beirt a chur san áireamh – tá sé seo ábhartha d'fhothoghcháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn sna toghlaigh reatha.
- Más iarratasóir nua thú agus céim agat ó aon Institiúid ainmnithe eile, iarrtar ort Tábla 3 a chomhlánú. Ní gá duit ach céim amháin a chur san áireamh, go fiú má tá níos mó ná céim **amháin** agat. Ní bheidh ach vóta amháin ag gach duine sa toghlach Ardoideachais nua.
- Le níos mó eolais a fháil, téigh chuig **SeanadVoter.ie**

### Tábla 1 Céimithe OÉ agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) – Toghthóirí Reatha Seanaid

| Más amhlaidh go bhfuil tú ar Chlár Toghthóirí thoghlach OÉ agus/nó toghlach Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) agus má fuair tú an uimhir thagartha/na huimhreacha tagartha seo a leanas tríd an bpost i mí na Nollag 2024, cuir isteach iad thíos*: | | | | | | | | | | Toiliú go gcuirfear san áireamh thú ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh fothoghchán* cuir tic sa bhosca cuí le do thoil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimh. Thagartha OÉ | OÉ | | | | | | | | | Cuir | |
| | | | | | | | | | | Ná cuir | |
| Uimh. Alumni TCD | | | | | | | | | | Cuir | |
| | | | | | | | | | | Ná cuir | |

### Tábla 2 Gach Céimí OÉ  & gach Céimí Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) eile

| Institiúid ar bhain tú céim amach inti (Úsáid ainm na hinstitiúide mar a tugadh uirthi tráth bronnta do chéime)* | Bliain inar Bronnadh Céim ort* | Teideal Iomlán na Céime* e.g. BA sa Stair, MSc san Altranas, PhD sa Bhitheolaíocht | Uimhir Mic Léinn (Más eol duit í) | Toiliú go gcuirfear san áireamh thú ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh fothoghchán* cuir tic sa bhosca cuí le do thoil | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Cuir | |
| | | | | Ná cuir | |
| | | | | Cuir | |
| | | | | Ná cuir | |

### Tábla 3 Céimithe ó gach Institiúid Ainmnithe eile - Cuir isteach ainm na hinstitiúide mar a tugadh uirthi tráth bronnta do chéime

| Institiúid ar bhain tú céim amach inti* Le liosta iomlán a fháil, féach Seanadvoter.ie | Bliain inar Bronnadh Céim ort* | Teideal Iomlán na Céime* e.g. BA sa Stair, MSc san Altranas, PhD sa Bhitheolaíocht | Uimhir Mic Léinn (Más eol duit í) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

**Sonraí breise faoi do Chéim (Roghnach):**

| **Mura bhfuil iomlán na faisnéise a iarrtar agat, moltar duit aon fhaisnéis eile a chur isteach a chabhródh le d'institiúid do thaifead a dheimhniú, mar shampla sonraí an fhorais cáiliúcháin.** |
| --- |
| |

## Rannán C - Dearbhú Fírinneachta

Ní mór do gach iarratasóir an rannán seo a chomhlánú.
Cuir tic i ngach bosca chun do chomhaontú a dheimhniú agus sínigh agus dátaigh an dearbhú.

| | **Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil** |
| --- | --- |
| **Creidimse go bhfuil na sonraí atá curtha ar fáil agam ar an bhfoirm seo cruinn ar feadh m'eolais agus mo thuairime.*** | |
| **Tuigim gur cion é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach.*** | |

Síniú an Éilitheora

Dáta

## Rannán D - Foirm Finné um Chlárúchán Toghthóirí Sheanad Éireann

Mura bhfuil UPSP nó uimhir thagartha/uimhir Alumni TCD curtha ar fáil agat i d'fhoirm éilimh, iarrtar ort an fhoirm seo agus d'aitheantas fótagrafach (ID) a thabhairt chuig an stáisiún Garda áitiúil nó chuig aon Nótaire/Nótaire Poiblí chun d'aitheantas a dheimhniú. Má tá siad sásta maidir le d'aitheantas, déanfaidh siad tú a fhianú agus tú ag síniú na foirme seo, agus ansin déanfaidh siad féin an fhoirm a shíniú, a dhátú agus a stampáil. Mura bhfuil tú in ann freastal ar an stáisiún Garda áitiúil nó dul chuig Nótaire/Nótaire Poiblí mar gheall ar thinneas nó míchumas, ní mór duit an fhoirm a thabhairt do liachleachtóir cláraithe le go bhformhuineoidh seisean nó sise í ar an mbealach céanna.

D'fhéadfadh sé, chomh maith, go n-iarrfadh Príomhoifigeach Clárúcháin an Toghlaigh Ardoideachais ort an rannán seo a chomhlánú agus go bhfianófaí é.

## Rannán D - Foirm Finné um Chlárúchán Toghthóirí Sheanad Éireann

| Sonraí an Fhinné | |
|---|---|
| **Ainm Iomlán an Fhinné** | |
| **Gairm Bheatha an Fhinné** | |
| **Seoladh Oibre an Fhinné** | |
| | **Uimhir ghutháin:** |
| **Fianú ag Stáisiún Garda nó le Nótaire nó Nótaire Poiblí** | Dearbhaímse, ______________________________, go bhfuil mé sásta gurb é/í ______________________________ an duine atá ag déanamh an iarratais seo agus gur shínigh sé/sí an fhoirm seo os mo chomhair |
| **Stampa an Gharda Síochána (más bainteach)** | **Aitheantas nótaire (más infheidhme):** |
| **Formhuiniú le liachleachtóir cláraithe (más bainteach)** | Dearbhaímse, ______________________________, gurb é/í ______________________________ an duine atá ag déanamh an iarratais seo agus nach bhfuil sé/sí in ann freastal ar a stáisiún Garda áitiúil nó dul chuig Nótaire/ Nótaire Poiblí leis an bhfoirm seo le go bhfianófaí agus go síneofaí í mar gheall ar thinneas nó míchumas |
| **Uimhir Chomhairle na nDochtúirí Leighis (más infheidhme)** | |

______________________________ ______________

Síniú an Éilitheora Dáta

______________________________ ______________

Síniú an Fhinné: Dáta

(Ball den Gharda Síochána/Nótaire/Nótaire Poiblí/Liachleachtóir)

Más gá, is féidir an fhoirm Finné seo a uaslódáil in éineacht le d'iarratas ar líne ag **SeanadVoter.ie** nó a chur isteach tríd an bpost le d'iarratas ar pháipéar.